# NEACHA SCÁFARA

Ar feadh na mílte bliain tá na Gaeil ag insint scéalta scanrúla dá chéile. Sa leabhrán seo tá 25 neach bailithe le chéile don Samhain. Tá eolas ar gach ceann acu anseo agus leis na naisc MF is féidir éisteacht leis na cuir síos agus tú ag dathú.

Cé mhéad acu a bheas le feiceáil agat agus tú amuigh ag canadh ag na doirse? Tá liosta le líonadh ar chúl an leabhráin ach ná dearmad ar an seanfhocal...

*is fearr rith maith ná droch-sheasamh*!



# PÚCA



Tá a fhios ag 'chuile dhuine gan sméara dubha a bhailiú nuair a thaganns Samhain mar gheall ar an mbobaire gránna seo. I gcónaí deacair le feiceáil, is féidir leis athrú ina ghiorria fiú, bí ar d'aire!

# AOSÁN



Ní mór dúinn a bheith cúramach leis an Aos Sí, na Daoine Maithe, ach má fheiceann tú aosán ní mór duit dul i bfolach láithreach! Droch-shióg a úsáideann a cumhachtaí le dochar a dhéanamh.

# SÚMAIRE



Caithfidh siad iad féin a bheathú ar fhuil na ndaoine beo ach bmlD ní féidir leo a bheith lasmuigh faoi sholas na gréine. Is bíonn gráin acu ar ghairleog, fiú in anlann bán ar sceallóga!

# DRAOI




Is duine é draoi a bhíonns eolas agus cumhachtaí osnádúrtha aige. Bíonn siad an-eolasach ar na sean-déithe Gaelacha agus ar luibheanna draíochta a bhaintear le corrán órga.

# SEARGÁN



Is corp é seargán de dhuine a fuair bás fadó, ach a coinníodh an-mhaith agus é clúdaithe le bindealáin agus ungadh... bán, balbh agus ag iarraidh tú mar bhricfeasta!

# BOCÁNACH




Síofra mioscaiseach, dána a bhíonns i gcónaí ag iarraidh cur isteach ar dhaoine agus raic a chruthú... giortach, gasta agus gránna! Sciop, sciop, dúnaigí na dóirse!!

# SEÁN NA GEALAÍ



Deirtear gur bhuail fear gránna Seán An Gabha bob ar an ndiabhal ní uair amháin, ach faoi dhó. Níl fáilte roimhe ar neamh nó in ifreann! Ach ghlac an fear dubh trua dó is bhronn sé sméaróid air dá lóchrann tornapa agus é ag fánaíocht idir an dá shaol go deo. Bígígí go deas le cách!

# DEAMHAN



Sprid olc nó neach nimhneach osnádúrtha agus gráin acu ar dhaoine deasa ach buíochas le Dia cuireann guíonna is beannachtaí ruaig ar na drochrudaí seo. Gread libh in ainm Dé!

# AMHAILT



An bhfuil sé ann nó nach bhfuil? An bhfuil aghaidh nó colainn ann, nó céard atá faoin gcochall dorcha agus fallaing mhór fhada a bhogann ar nós an cheo?? Teith ar luas lasrach!!!


# CONRIOCHT



Samhlaigh duine a bhfuil an cumas aige nó aici aistriú ina mac tíre mór, láidir, fíochmhar. Bhí clú agus cáil orthu in Osraí fadó ach anois cén áit in Éirinn a bhfuil siad agus ocras mór fós orthu? Scanrúil!

# CATAMÁN









Ní ró-mhinic a fheictear catamán ina aonar agus mar sin bí ag faire i ngach uile treo má fheiceann tú neamh-mharbh amháin... nó níos fearr arís éalaigh uaidh sin cosa in airde!


# DUBHLACHAN



Má fheiceann tú an boc gan chloigeann seo tá tú i mbonc! Bíonn sé amuigh ar a chapall dubh, nó ag tiomáint Cóiste Bodhar, le daoine beo a bhailiú... coinningh do cheann agus ná bí amuigh san oíche!

# SIRIDE





Neach beag spraíúil a thaitníonns diabhlaíocht leis. Ní bhíonn siridí ró-mhór ach bíonn siad in ann a lán dochar a dhéanamh lena gcuid pleidhcíochta. Ná bí mar bhob na haimidí agus cinnte ná scaoil isteach sa teach iad!

# ASARLAÍ



Fear draíochta ar saoi é le cleasa, briochtaí agus orthaí. Bíonn cinn ann atá go deas agus cabhrach, agus ansin tá cinn ann atá chomh cam le hadharc reithe is chomh contúirteach le madra mire!



# BEAN SÍ



Bean den Slua Sí a chaoineadh bás duine i dteaghlach Gaelach agus a folt á chíoradh aici. Ná tóg a cíor nó beidh mí-ádh go deo ort... níos fearr gruaig amscaí ná é sin!

# ARRACHT




Cuireann arrachtaí eagla ar dhaoine leis an gcuma aisteach, uafásach a bhíonns orthu... agus sin gan trácht ar cé chomh mór, láidir agus ocrach a bhíonns siad... rithimis!!!

# FUACHAID





Cailín, nó sean-bhean, atá in ann orthaí agus olagais a chruthú le daoine a chur faoi gheasa. Deirtear go bhfuil dúil ag roinnt acu i leanaí óga a chur i gcoire. Déan deimhin nach tusa atá ar an mbiachlár!!!




# GRUAGACH



Mothallach, dorcha agus é beagáinín cosúil le bocánach atá i gceist leis an neach beag seo. Is maith leo bainne a ól ach muna bhfuil sé curtha amach dóibh Oíche Shamhna bí cinnte go mbeidh raic faoi agus go mbeidh rudaí briste is salachar caite chuile áit!

# CAILLEACH





Bíonn cuma sean-mhná ar an gcailleach agus is cinnte go bhfuil sí chomh sean leis an gceo. Deirtear gurb í sean-dia an Gheimhridh í... má tá anfa mór ann Oíche Shamhna ciallaíonn sin go bhfuil sí mí-shásta linn agus molaim duit gan dul amach!

# OLLPHÉIST



Deirtear go raibh an bua ag Fionn agus na Fianna ar an ollphéist is mó, Caoránach, agus í tar éis slad a dhéanamh ar gach rud beo in aice le Loch Dearg. Ach tá scéalta ar ollphéisteanna nasctha le go leor locha. An bhfuil ceann i do cheantar? Bígí cúramach in aice le huisce!

# ABHARTACH



Fear íseal láidir atá san abhac seo atá in ann teacht ar ais ón uaigh níos cumhachtaí ná riamh. I roinnt scéalta ólann sé fuil na ndaoine bochta atá maraithe aige. Deirtear gur féidir é a mharú le sáiteán iúrach ach ní bheinn ró-chinnte...
Níos fearr rith maith ná droch-sheasamh!

# SMÚRTHANNACH



**Ar nós ár gcairde na catamáin is neach neamh-mharbh, ocrach é an smúrthannach ach ar nós gadhair bíonn sé ag smúradh i ndiaidh na mbeo, muidne. An gcloiseann tú é sin... sin duine smaoiseach nó smúrthannach ocrach?? Teithimis!!!**

# AILLÉAN

## Dóiteoir na Samhna



**Fathach fíochmhar a bhí in ann coladh a chur ar dhaoine lena chruit dhraíochta agus chuile rud a loscadh lena anáil lasta. Gach Samhain ar feadh na blianta dhó sé Teamhair go talamh go dtí gur chuir Fionn mac Cumhaill ruaig air.**

**Lámha ar na cluasa agus rithígí ar luas lasrach!**

# CNÁMHARLACH



Colainn go corp go cnámharlach; sin na céimeanna atá ann do gach duine agus deirtear go mbíonn roinnt cnámharlach ag iarraidh feoil a fháil ar ais nuair a éalaíonn siad ón reilig Oíche Shamhna. Ná bí cabhrach don chnámharlach agus rith cosa in airde abhaile!

# TAIBHSE



Seo an neach scáfar, scanrúil, scéiniúl a bhíonns gach áit Oíche Shamhna, an oíche a bhfuil na doirse idir saol na marbh agus saol na mbeo ar fad ar oscailt. B'fhéidir nach bhfuil ann ach bráillín bán ach an féidir leat a bheith cinnte... Úúúú!

# Cuir tic le gach neach is é feicthe agat... ansin rith!

- Abhartach
- Ailléan
- Amhailt
- Aosán
- Arracht
- Asarlaí
- Bean Sí
- Bocánach
- Cailleach
- Catamán
- Cnámharlach
- Conriocht
- Deamhan
- Draoi
- Dubhlachan
- Fuachaid
- Gruagach
- Ollphéist
- Púca
- Seán Na Gealaí
- Seargán
- Siride
- Smúrthannach
- Súmaire
- Taibhse

# Bob nó beart!

